Comhairle an Aontais Eorpaigh

An Bhruiséil, 7 Bealtaine 2019
(OR. en)

**Comhad Idirinstitiúideach: 2018/0161(COD)**

**8734/1/19**
**REV 1**

**CODEC 989**
**PI 74**
**COMPET 358**
**PHARM 22**
**IA 139**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Dréacht-RIALACHÁN Ó PHARLAIMINT NA hEORPA AGUS ÓN gCOMHAIRLE lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 469/2009 maidir leis an deimhniú forlíontach cosanta le haghaidh táirgí íocshláinte**(an chéad léamh)**<br>- Glacadh an ghnímh reachtaigh |

1. Chuir an Coimisiún an togra thuasluaite[1], atá bunaithe ar Airteagal 114 CFAE, ar aghaidh chuig an gComhairle ar an 28 Bealtaine 2018.

2. Thug Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa a thuairim uaidh ar an 20 Meán Fómhair 2018[2].

3. Ghlac Parlaimint na hEorpa a seasamh ar an gcéad léamh maidir leis an togra ón gCoimisiún ar an 17 Aibreán 2019. Is léiriú é toradh na vótála i bParlaimint na hEorpa ar an gcomhaontú comhréitigh ar tháinig na hinstitiúidí air agus, dá bhrí sin, ba cheart go mbeadh glacadh ag an gComhairle leis[3].

1 9485/18.
2 IO C 440, 6.12.2018, lch. 100.
3 8442/19.

4. Iarrtar, dá bhrí sin, ar Choiste na mBuanionadaithe a dheimhniú go n-aontaíonn sé leis sin agus an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

– an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, mar a leagtar amach in PE-CONS 52/19 é, a fhormheas mar mhír "A" ar chlár oibre ceann de na cruinnithe a bheidh ann amach anseo, agus an Danmhairg, Málta agus an Ríocht Aontaithe ag vótáil ina choinne agus an Ostair agus an tSeicia ag staonadh ón vótáil;

– a chinneadh go ndéanfar na ráitis atá san aguisín, a ghabhann leis an nóta seo, a chur isteach i miontuairiscí an chruinnithe sin.

Má fhormheasann an Chomhairle an seasamh ó Pharlaimint na hEorpa, glacfar an gníomh reachtach.

Nuair a bheidh an gníomh reachtach sínithe ag Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus ag Uachtarán na Comhairle, déanfar é a fhoilsiú in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.